Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10339 —KKR/Landal)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 123/09)

1. An 10 Márta 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Sandy HoldCo B.V., ("Roompot", an Ísiltír), faoi rialú KKR & Co. Inc. ("KKR", na Stáit Aontaithe);

— Vacation Rental B.V. ("Landal", an Ísiltír).

Faigheann Roompot rialú ar Landal ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— maidir le KKR: is gnólacht infheistíochta domhanda é a thairgeann réitigh maidir le bainistiú malartach sócmhainní, agus maidir le margaí caipitil, agus árachas. Déanann Roompot páirceanna saoire agus ionaid champála a bhainistiú agus a oibriú agus gníomhaíonn sé mar ghníomhaire áirithinte ina leith,

— maidir le Landal: is úinéir, bainisteoir agus saincheadúnóir é ar pháirceanna saoire faoin mbranda Landal GreenParks.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10339 — KKR/Landal

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").